

Gafa

Achoimre:

Tarlaíonn imeachtaí an scéil seo i mBaile Átha Cliath. Is bean tí agus máthair do bheirt í Eithne. Lá amháin, tá sí ag cur slacht ar sheomra a mic. Baintear geit uafásach aisti nuair a thagann sí ar uirlisí faoina leaba. Feiceann sí púdar bán i mála plaisteach agus steallaire fosta. Ní féidir le Eithne é a chreidbheáil. Ba mhaith léi an fhadhb a phlé lena fear céile Brendan, múinteoir Gearmáinise, ach ní thugann sé an seans di.

Mar sin, mothaíonn sí go bhfuil an t-ualach imní uirthi féin amháin. Tá easpa cumarsáide sa teaghlach, agus sin an fhadhb is mó. Tráthnóna amháin, ní thagann Eoin abhaile in am - Rud a chuireann imní an domhain ar Eithne. Go mall san oíche, cloiseann sí rud éigin ag bualadh i gcoinne an dorais. Nuair a osclaíonn sí an doras, feiceann sí Eoin ina luí ar leac an dorais gan aithne gan urlabhra. Tugann sí fá deara go bhfuil cuma theann, dhearg ar a shúile. Dearbhaíonn na marcanna ar a sciathán a faitíos. Is andúileach drugaí é a mac Eoin.

Téann Eithne go dtí an t-ionad chomhairle lena fear céile agus Eoin, ach ní ghlacann Brendan dáiríre é. De bharr sin, ní ghlacann Eoin dáiríre é ach oiread agus leanann sé ag tógáil drugaí. Tá cara aige dárbh ainm Cillian, agus is poitigéir é a dhaidí. Is díoltóir drugaí é Cillian, agus brúann sé Eoin isteach i saol na ndrugáí. De réir a chéile, feicimid go bhfuil Eoin mar fhear lámh deise aige, agus go bhfuil sé mar dhíoltóir drugaí lena chois i lár na cathrach.

Idir an dá linn, tá Brendan mídhílis d'Eithne. Buaileann sé le rúnaí na scoile ina bhfuil sé ag obair le linn na laethanta saoire, ach cuireann sé i gcéill go bhfuil sé ag imirt gailf lena dheartháir atá ina chónaí i gcéin. Nuair a fhaigheann Eoin amach go bhfuil an caidreamh náireach seo ar siúl

le cúpla bliana anuas, tairgeann Brendan airgead seachtainiúil dó chun é a choinnilt ciúin. Ar ndóigh, an rud nach dtuigeann Brendan ná gur leor an t-airgead seo le fadhb drugaí Eoin a chothú.

Sleamhnaíonn Alan níos doimhne agus doimhne san andúileachas. Roimh i bhfad, tosaíonn sé ag goideadh airgid óna mháthair chun tuilleadh drugaí a cheannach. Nuair a fhaigheann Eithne amach, níl a fhios aici cad ba chóir di a dhéanamh agus socraíonn sí ar dhul i dteagmháil leis na Gardaí. Labhraíonn sí le hEoin, ag iarraidh taispeáint dó cé chomh dáiríre is atá torthaí na meancóg atá déanta aige, agus súil aici go dtuigfidh sé gur choirpeach é cheana féin. Ach bogann Eoin go hárasán Chillian agus ní chloiseann Eithne a dhath uaidh níos mó.

Sa chuid eile den leabhar, i ndiaidh an tsleachta, tarlaíonn trioblóid idir Cillian agus Eoin agus díoltóirí drugaí eile. Ionsaíonn siad Cillian agus caitheann siad é thar an bhalcóin sa halla damhsa. Ansin, tógann siad Eoin, agus tugann siad ródháileog de gach cineál drugaí atá ann. Cuireann siad é i mála plaisteach agus cuireann siad é ar leac dhoras a mháthar. Ní thosaíonn an scéal ach leis an smaoineamh go dtógann Eoin drugaí, ach méadaíonn an fhadhb go dtí go gcríochnaíonn sé le tubaiste mhór. Sa deireadh, tá Eoin marbh agus tá na tuismitheoirí scartha óna chéile. Ní déarfainn gur bhuaicphointe é an deireadh millteanach seo, ach críoch thubaisteach a athraíonn go hiomlán saol an teaghlaigh seo. a tíre. Gan amhras, tá ábhar machnaimh sa scéal cumhachtach seo.